Muintearas Teo
Tosra Oideachais Gaeltachta
Tír an Fhia, Leitir Mór, Co. na Gaillimhe
Fón: +353 91-551145/551300 Facs: +353 91-551277
Ríomhphost: muintearas@muintearas.com Idirlíon: www.muintearas.com

Coinníollacha

Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht 2023

Coinníollacha Scéim na gCampaí Samhraidh 2023

Moltar an cháipéis seo a léamh go cúramach

Ionad an Champa

1. Ní foláir **dóthain áiseanna feiliúnacha** a bheith ar fáil chun an champa a reáchtáil go sásúil.
2. Ní mór a chinntiú go mbeidh **dóthain leithris** ar fáil i measc na n-áiseanna.
3. Ní foláir an campa a bheith i **gceantar Gaeltachta** (beifear ag súil leis nach mbeidh níos mó ná campa amháin den chineál céanna in aon cheantar de ghnáth).
4. Ní cheadófar aon champa d'aon eagraíocht má bhíonn **níos mó** na campa amháin ar siúl ar an aon láithreán amháin.

Tréimhse an Champa

5. Is tréimhse **chúig lá** amháin a cheadófar do chuile champa.
6. Is tréimhse 10 seachtaine a bheas Scéim na gCampaí Samhraidh a cheadú. Cuirfear tús le Scéim na gCampaí Samhraidh ar an **12/06/23** agus rachaidh siad ar aghaidh go dtí an **18/08/23**. Ní thabharfar aon mhaoiniú do champa a reáchtálfar taobh amuigh de na dátaí sin.
7. Ag brath ar éileamh agus méid na n-iarratas sa bhliain, d'fhéadfadh sé go socrófar **uasmhéid campaí** a bheadh ar chumas Muintearas Teo a mhaoiniú d'aon eagraíocht nó coiste amháin.

Imeachtaí an Champa

8. Ní folair **réimse leathan gníomhaíochtaí** a bheith ar bun agus tráthchlár laethúil da réir, chun an deis is fearr agus is féidir a thabhairt Gaeilge na rannpháirtithe a shaibhriú, agus deiseanna forbartha pearsanta agus sóisialta a chur chun cinn. Beidh an tráthchlár imeachtaí seo á scrúdú go cúramach mar chuid den mhonatóireacht a dhéanfar ar na campaí. Caithfear cloí leis an gclár ama sin, muna mbeidh cead Muintearas Teo faighte roimhré é a leasú.
9. Ní ghlacfar le campa níos giorra ná **5 uair an chlog** in aghaidh an lae, ach amháin i gcás campaí do pháistí **3-6** bl, is féidir campa **4 uair an chlog** a reáchtáil. Ní féidir campa a bheith níos giorra na 5 uair an chlog in aon chás eile.

An Ghaeilge

10. Ní foláir an campa a bheith rite **go hiomlán trí Ghaeilge** agus da réir:
    a. caithfear **Muintearas Teo** a shásamh go bhfuil ard-chumas sa Ghaeilge ag gach duine a bheidh ag obair air;
    b. **ní mór a chinntiú roimhré,** trí agallamh más gá, go mbeidh a dóthain Gaeilge ag gach rannpháirtí chun tairbhe a bhaint as campa atá á reáchtáil trí Ghaeilge go hiomlán;
    c. go bhfuil cónaí ar 90% ar a laghad de lucht freastail an champa sa Ghaeltacht

11. Tá sé riachtanach go ndearbhaíonn agus go dtuigeann an tuismitheoir / caomhnóir go mbeidh cód iompar teanga i bhfeidhm ar an gcampa, a thugann údarás don lucht eagraithe pé beart is gá a chur i gcrích mura bhfuil iarracht shásúil á ndéanamh chun Gaeilge a labhairt i rith an champa (lena n-áirítear an páiste a chur abhaile).
12. Tá an dualgas ar lucht eagraithe na gcampaí a chinntiú **go dtuigeann tuismitheoirí/caomhnóirí na rannpháirtithe** go mbeidh an campa á reáchtáil go hiomlán **trí Ghaeilge.**
13. Tá sé riachtanach cóip den **chód iompar teanga** / **pholasaí Gaeilge** agus aon sonraí a bhaineann leis a chur ar fáil do **Muintearas Teo** roimh ré le go mbeidh siad sásta go bhfuil cúram a dhóthain á dhéanamh don Ghaeilge. Agus an campa á scrúdú ag **Muintearas Teo,** cuirfear béim ar leith ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a bhaineann leis an nGaeilge.

Foirm Chláraithe

14. Tá sé riachtanach **córas clárúcháin a bheith i bhfeidhm** do pháistí a bheas ag freastal ar an gcampa. Ba chóir **foirm chlárúcháin chuí** a úsáid, a chaithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí na bpáistí a shíniú roimh ré.
15. Bheadh sé inmholta na páistí a bheith cláraithe ar an gcampa ar a laghad seachtain roimhré.
16. Ba chóir go mbeidh **táille iomláin** an champa (€50 nó níos lú) agus cúnamh Muintearas Teo luaite go soiléir ar an bhfoirm clárúcháin.
17. Iarrfar ar eagraíochta / coistí **6 ghrianghraf** ar ardchaighdeán d'imeachtaí an champa a sheoladh chuig Muintearas Teo nuair a bheas an campa thart, le n-úsáid mar ábhar poiblíochta / cartlannú ar Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht. Chuige sin, caithfear mír a chur ar fhoirm chlárúcháin an champa ag lorg cead an tuismitheora / caomhnóra griangraif a thógáil (muna bhfuil sin ann cheana féin).
18. Iarrtar ar lucht eagraithe na gcampaí samhraidh **aiseolais a lorg** óna daoine óga a fhreastalóidh ar an gcampa, agus óna gcuid tuismitheoirí. Beifear ag súil go gcuirfidh lucht eagraithe an campa samplaí d'fhoirm aiseolais comhlíonta chuig Muintearas Teo in éineacht leis an éileamh ar íocaíocht nuair a bheas an campa thart.

Rannpháirtithe:

19. Gur páistí ó **3 bliana go dtí 18 mbliana d'aois** ar an 1ú Eanáir i mbliain an champa amháin a mbeidh cead acu freastal go hiondúil. I gcás campaí **a** fhreastalaíonn ar **pháistí óga,** ní foláir gur **páistí idir 3 agus 6 bliana d'aois amháin ón 1 Eanáir i mbliain an champa,** a mbeidh cead acu freastal.
20. Go dtabharfar **t-léine** nó a **mhacasamhail** le mana Muintearas Teo, Údarás na Gaeltachta, agus An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán air do gach páiste a fhreastalaíonn ar an gcampa; agus go dtugtar aitheantas do chúnamh Muintearas Teo, Údarás na Gaeltachta, agus An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán in aon phoiblíocht a dhéantar ar an gcampa.

Táille an Champa

21. Nach mbeidh an táille a bheidh á ghearradh níos airde ná €50. I gcás na gcampaí sin a bhíonn ar siúl níos mó na 5 uair an chlog in aghaidh an lae, déanfar eisceacht ar an gcoinníoll seo.
22. Ceadófar deontas de **€45** an pháiste don tseachtain, nó €9 in aghaidh gach lá a dhéanann páiste freastal ar an gcampa, suas go dtí uasmhéid tinrimh de 50 páiste ar aon champa. Sin uasmhéid deontais de €2,250 do champa a dhéanann 50 páiste freastal air ar feadh 5 lá. Caithfear **coinníollacha uilig** na Scéime a shású chun a bheith i dteideal an deontas a fháil.
23. Níl sé le tuiscint as deontas a íoc faoin Scéim seo go nglacann Muintearas Teo, Údarás na Gaeltachta, nó An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán aon fhreagracht orthu féin i dtaobh rannpháirtithe agus ní bheidh Muintearas Teo, Údarás na Gaeltachta nó An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán faoi dhliteanas mar gheall ar aon chailliúint nó dochar a tharlóidh aon uair ina leith.

Deontas do Riachtanais Speisialta

24. Íocfar deontas ar leith i gcás **páiste le riachtanais speisialta** ag freastal ar champa. Tá sé rí-thábhachtach go mbeidh Cúntóir ar fáil do gach páiste le riachtanais speisialta.
    - íocfar deontas de **€100** in ionad an gnáth dheontas de €45;
    - beidh gá le dearbhú scríofa ó thuismitheoir/chaomhnóir nó ó dhochtúir an pháiste;
    - ní íocfar aon deontas gan dearbhú scríofa;
    - is leis an eagraíocht/coiste atá i bhfeighil an champa Cúntóir Riachtanais Speisialta a fhostú más gá;
    - caithfidh na cáilíochtaí cuí a bheidh ag aon duine a bhíonn ag obair mar Chúntóir Riachtanais Speisialta ar an gcampa *(má bhíonn a thuilleadh soiléiriú ag teastáil, déan teagmháil le Muintearas Teo*);
    - Ní bheidh aon mhaoiniú breise ar fáil ó Mhuintearas chun Cúntóir Riachtanais Speisialta a fhostú.

Teagascóirí/ Cinnirí an Champa:

25. Is gá do gach cinnire a bheith **18 mbliain d'aois**, ní ghlacfar le haon duine atá faoi 18 i dtaobh an chóimheasa seo.
26. Is gá beirt chinnire a bheith i láthair i gcónaí, agus go gcloífear leis an gcóimheas seo a leanas:

    Aoisghrúpa 3-6: 1:8
    Aoisghrúpa 7-12: 1:10
    Aoisghrúpa 13-18: 1:15
27. Ba chóir go mbeadh gach **teagascóir / cinnire cáilithe** go cuí chun gníomhú mar theagascóir/chinnire sa réimse atá faoina c(h)úram. Is faoi lucht eagraithe an champa atá sé féachaint chuige go bhfuil gach duine a mbeidh baint acu le lucht freastail an champa oiriúnach don chúram sin agus pé oiliúint / fiosrúcháin is gá a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis cuí chun é sin a dhearbhú.

Cosaint Leanaí

28. Caithfidh gach coiste / eagraíocht a reachtálaíonn campa samhraidh **Ráiteas um Chumhdach Leanaí** a bheith acu, agus ar taispeáint go poiblí ar láthair an champa. Is dualgas dlíthiúil é seo ar aon choiste / eagraíocht a chuireann seirbhísí nó imeachtaí ar fáil d'aon duine faoi 18 bliain d'aois faoin **Acht um Thús Áite do Leanaí 2015**. Ní mór don choiste / eagraíocht a chinntiú go mbeidh cóip den Ráiteas seo **léite ag foireann an champa** ar fad, agus go dtuigfidh foireann an champa na dualgais atá orthu faoin reachtaíocht. Tá eolas ar fáil faoi **Ráiteas um Chumhdach Leanaí** ar an suíomh Idirlín: www.tusla.ie/children-first/organisations/

29. Mar chuid den Ráiteas um Chumhdach Leanaí, caithfidh an eagraíocht / coiste **Duine Idirchaidrimh (DLP)** agus **Duine Ábhartha** a bheith ainmnithe taobh istigh den eagraíocht / coiste. Tá eolas faoi ról an n**Duine Idirchaidrimh agus Duine Ábhartha** agus na dualgais atá orthu ar fáil ar an suíomh Idirlín: www.tusla.ie/children-first/organisations/what-is-a-child-safeguarding-statement/

30. Mar chuid den Ráiteas um Chumhdach Leanaí, caithfidh an eagraíocht / coiste líosta de na **Daoine Sainordaithe** don champa samhraidh a chur ar fáil - sin gach duine d'fhoireann an champa. Tá eolas ar fáil faoi **Dhuine Sainordaithe** agus na dualgais dlíthiúil atá orthu ar an suiomh Idirlín: https://www.tusla.ie/children-first/mandated-persons/

31. Ní mór an cúrsa ar-líne **Tús Áite do Leanaí** a bheith déanta ag gach cinnire ar an gcampa, agus cóip den **teastas** a théann leis an gcúrsa a chur ar fáil d'oifigithe **Muintearas Teo**. Tá fáil ar an gcúrsa seo ar an suíomh Idirlín: www.tusla.ie/children-first/children-first-e-learning-programme/

32. Caithfidh **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** a bheith déanta ar gach ball foirne ar an gcampa. Ní mór do choistí / eagraíochtaí **deimhniú** a sholáthar d'oifigithe **Muintearas Teo** go bhfuil seo amhlaidh.

33. Ní mór go mbeidh **polasaí Cosaint Leanaí** ag aon choiste /eagraíocht a réachtálaíonn campa samhraidh, agus go gcinnteoidh siad go bhfuiltear ag cloí leis na rialacháin **Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí**.

34. Ní foláir go bhféachfaidh an coiste chuige go ndéanfar cúram de **shábháilteacht agus leas** na bpáistí i rith an ama agus go gcloífear le dea-chleachtais sábháilteachta i gcónaí, go háirithe i gcás **imeachtaí spóirt faoi leith** ar nós snámh. Is faoi lucht eagraithe an champa dá réir, comhairle a fháil ó na húdaráis cuí lena chinntiú go bhfuil **polasaí sábháilteachta** oiriúnach agus cur chuige ina leith acu.

Ní cheadófar cúnamh Muintearas Teo d'aon champa nach gcomhlíonfaidh na ndualgais dlíthiúil seo.

Cúrsaí Cánacha agus Árachais:

35. Go bhfuil **uimhir thagartha chánach** ag an gcoiste/eagraíocht agus go gcuirfear é sin agus uimhir rochtana imréitigh cánach (Tax Clearance Access Number) leis an iarratas.

36. Go bhfuil **árachas dliteanas poiblí ag an gcampa** chun íosmhéid éilimh do €6.5m a sheasamh (d'aon eachtra amháin) i leith gach rannpháirtí a bheas ar an gcampa agus aon ionad atá á úsáid i rith tréimhse an champa, agus **árachas dliteanas fostaí** do €13m. Áirítear aon duine atá ag obair/ag tabhairt cúnamh ar an champa (bíodh siad fostaithe nó ag obair go deonach) agus atá os cionn 18 bliana d'aois mar oibrí ar an gcampa. Ní foláir go mbeidh cóip den árachas sin ar fáil ag láithreán an champa féin. Ní foláir go mbeidh **alt** sa pholasaí árachais sin, nó i litir shlánaíochta ón gcomhlacht árachais, ina ndearbhófar **go ndéanfaidh an campa, a lucht eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh Muintearas Teo., Údarás na Gaeltachta agus an tAire Stáit sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, a s(h)eirbhísigh agus a g(h)níomhairí, a shlánú agus a choimeád slán in aghaidh gach uile gníomh, gach uile costas, éileamh agus damáiste a éireoidh as aon úsáid a bhainfear as na hionaid sin nó as aon imeacht teagmhasach a bhainfidh le himeachtaí a eagróidh an campa, a lucht eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh**.

Is féidir le Muintearas pacáiste árachais ar phraghas réasúnach a eagrú ach é sin a bheith roghnaithe ar an bhfoirm iarratais

Íocaíocht Deontais

37. Caithfear **éileamh íocaíochta** a bheith déanta ar a dhéanaí coicís tar éis don champa críochnú. Tá foirm éileamh ar íocaíocht ar fáil ar shuíomh idirlín Muintearas Teo.
38. Ní mór **rolla an champa**, atá sínithe ag oifigeach Muintearas Teo, a sheoladh chugainn leis an éileamh íocaíochta. Ní íocfar aon champa muna mbeidh an rolla ar fáil.
39. Ní foláir a dhéanamh cinnte go mbeidh an 3ú leathanach den rolla (leis an ráiteas GDPR) sínithe agus curtha chuig Muintearas Teo leis an éileamh íocaíochta.
40. Caithfear **uimhir thagartha chánach** an choiste/ na heagraíochta agus **uimhir rochtána imréitigh cánach (Tax Clearance Access Number)** a chur ar an bhfoirm éileamh íocaíochta, le go mbeidh Muintearas Teo ábálta an deontas a phróiseáil.
41. Is é **an 1ú Meán Fómhair 2023** an dáta deireadh a ghlacfaidh Muintearas Teo le héileamh ar íocaíocht ó aon champa. Muna mbeidh na foirmeacha cuí ar fad faighte roimh an dáta sin, ní bheidh Muintearas Teo ábálta an deontas a bheas ag dul chuig an campa a phróiseáil.
42. Íocfar deontas don champa taobh istigh d'achar 30 lá sa chás agus go mbeidh na sonraí curtha ar fáil in am trátha agus i gceart.

Athrú ar dháta nó campa ar ceal

43. I gcás go gcuirfear campa ar ceal nó go n-athrófar dáta an champa tar éis iarratas a bheith déanta le Muintearas Teo, ní foláir scéala a chur chuig Muintearas Teo roimh thús an champa.

Rolla Muintearas Teo

44. Ní mór an rolla atá curtha ar fáil ag **Muintearas Teo** a úsáid agus a bheith ar fáil le scrúdú ag oifigeach **Muintearas Teo** nuair a thabharfaidh sé/sí cuairt ar an gcampa.

Garchabhair

45. Caithfidh duine amháin ar an laghad de chinnirí an champa cáilíocht i nGarchabhair a bheith acu.
46. Caithfear mála garchabhair a bheith ar fáil do chinnirí an champa i gcónaí, ar láthair an champa agus má théitear ar turas nó go láthair ar bith eile.

Ginearálta

47. Beifear ag súil go dtabharfaidh lucht eagraithe an champa aird ar bhaol scaipthe Covid le linn campaí i gcónaí, agus go nglacfaidh siad pé beartais is gá le gach duine a choinneáil sábháilte.
48. Is ag **Muintearas Teo** a bheidh an bhreith dheireanach maidir le gach ní a bhaineann leis an Scéim seo. Coimeádann Muintearas Teo an ceart deontas/tráthchuid de pé deontas a bheadh iníoctha sa ghnáthbhealach a choinneáil siar i gcás nach bhfuiltear sásta gur comhlíonadh coinníollacha uile na Scéime.
49. Is gá gach iarratas a dhéanamh ar champa 5 lá. Níl ghlacfar le hiarratas ina mbeidh tréimhse an Champa níos mó, nó níos giorra, ná 5 lá.
50. Beidh sé de cheart ag **Muintearas Teo,** más mian leo, fiosruithe a dhéanamh le tuismitheoirí na rannpháirtithe atá luaite ar rolla an champa.
51. Níl sé le tuiscint as deontas a íoc faoin Scéim seo go nglacann **Muintearas Teo, Údarás na Gaeltachta, nó An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán** aon fhreagracht orthu féin i dtaobh rannpháirtithe agus ní bheidh **Muintearas Teo, Údarás na Gaeltachta, nó An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán** faoi dhliteanas mar gheall ar aon chailliúint nó dochar a tharlaíonn aon uair ina leith.